Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7464/22**

**SOC 177**
**EMPL 115**
**EDUC 98**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna<br>Ceapachán Joep van HEUMEN ina chomhalta malartach do Lucsamburg in ionad Sonja OOMS, atá éirithe as |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Sonja OOMS éirithe as mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Ísiltír).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, d'ainmnigh rialtas na hÍsiltíre an t-iarrthóir seo a leanas ina chomhalta ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023:

Joep van HEUMEN
Ministerie van Onderwijs, Cultuur en Wetenschap
Rijnstraat 50
2515 XP Den Haag, Nederland
Teil: + 31 6 46 84 91 53
rphost: j.t.vanheumen@minocw.nl

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de

Bord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 8 Iúil 2019[3], an 16 Meán Fómhair 2019[4] agus an 8 Samhain 2019[5], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán mar chomhalta malartach i gcatagóir ionadaithe na rialtas folamh anois ó d'éirigh Sonja OOMS as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hÍsiltíre don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.
[2] IO C 136, 12.4.2019, lch. 6.
[3] IO C 232, 10.7.2019, lch. 5.
[4] IO C 316, 20.9.2019, lch. 3.
[5] IO C 385, 13.11.2019, lch. 6.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Joep van HEUMEN ina chomhalta de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna in ionad Sonja OOMS ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán